

Tá Gaeilge Agam!

Ardleibhéal

Teanga agus Litríocht



An tSraith Shóisearach: Na Trí Shnáithe

Déanann *Tá Gaeilge Agam! 3* cúram ar leith de na trí shnáithe atá mar bhunchloch don tSraith Shóisearach sa Ghaeilge – mar atá:

- **Snáithe 1:** Cumas cumarsáide
- **Snáithe 2:** Feasacht teanga agus chultúrtha
- **Snáithe 3:** Féinfheasacht an fhoghlaimeora

Anseo thíos, tá sainmhíniú ar na snáitheanna mar a chuirtear síos orthu in *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí*. Sa ‘Scéim Oibre don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach’ a leanann ar an sainmhíniú, déantar léiriú ar an gcaoi a bhfreastalaíonn gach aonad in *Tá Gaeilge Agam! 3* ar na trí shnáithe agus ar na torthaí foghlama a luaitear mar ionchais sa tsonraíocht.

Ionchais maidir le scoláirí

Féach: *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí* – leathanach 20.

Snáithe 1: Cumas cumarsáide

Cuimsíonn cumas cumarsáide ábaltacht an scoláire sna cúig scil seo a leanas: éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríobh atá ag teastáil uaidh chun cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí eile. Bíonn ar chumas an scoláire feidhmiú i suíomhanna idirphearsanta cumarsáide. Bíonn ar a chumas príomhtheachtaireachtaí na cumarsáide a thuiscint agus a úsáid. Baineann sé taitneamh as a bheith páirteach sa chumarsáid le húsáideoirí eile agus as idirghníomhú leo. Léann sé raon leathan téacsanna, téacsanna ilmhódacha san áireamh atá in úsáid sa phobal teanga agus baineann sé tuiscint as na príomhtheachtaireachtaí atá iontu. Cumann sé a théacsanna ábhartha féin le haghaidh cumarsáide le húsáideoirí eile.

GNÉ: Éisteacht

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

- 1.1 Príomhtheachtaireachtaí na cumarsáide Gaeilge bainteach leis an ngnáthshaol a thuiscint chomh fada is atá an chaint ar ghnáthluas agus soiléir
- 1.2 Sonraí áirithe ar ghnáthnithe coitianta sa chaint a aithint
- 1.3 Léiriú ar thaitneamh a bhaint as éisteacht le Gaeilge
- 1.4 Ábhar agus foinsí éisteachta a roghnú agus a roinnt, ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha
- 1.5 Canúintí na Gaeilge a aithint

GNÉ: Léamh

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

- 1.6 Úsáid a bhaint as raon straitéisí díchódaithe cuí
- 1.7 Príomhshonraí a bhaineann le gnáthnithe coitianta a aithint i dtéacsanna Gaeilge
- 1.8 Príomhtheachtaireachtaí a bhaint as téacsanna Gaeilge a bhaineann leis an ngnáthshaol
- 1.9 Taitneamh a bhaint as téacsanna ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt
- 1.10 Téacsanna dílse a aimsiú agus a úsáid chun taighde a dhéanamh

GNÉ: Labhairt

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

- 1.11 Teachtaireachtaí pearsanta cumarsáide a chur in iúl a bhaineann leis an ngnáthshaol
- 1.12 Téacsanna ó bhéal a chruthú, a chur i láthair ina aonar agus/nó mar bhall de ghrúpa agus tuiscint a léiriú ar lucht éisteachta
- 1.13 Focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí shothuigthe chruinn
- 1.14 Taitneamh a bhaint as bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge
- 1.15 A stór focal pearsanta féin a threisiú ar ghnáthnithe agus ábhar ar spéis leis féin
- 1.16 Cumarsáid ó bhéal a dhéanamh faoin méid atá cloiste aige
- 1.17 Cumarsáid ó bhéal a dhéanamh bunaithe ar théacsanna ábhartha Gaeilge
- 1.18 Tuairimí pearsanta a fhorbairt agus a chosaint ar nithe a bhaineann le hábhair ar spéis leis féin

GNÉ: Idirghníomhú cainte

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

- 1.19 Idirghníomhú le comhscoláirí/le húsáideoirí eile Gaeilge (agus lasmuigh de phobal na scoile)
- 1.20 Freagairt do theachtaireachtaí gan choinne le linn comhrá
- 1.21 Cumarsáid a choimeád sa siúl agus déileáil le deacrachtaí tuisceana
- 1.22 Soiléiriú nó athrá a lorg
- 1.23 Eolas a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú
- 1.24 Cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha

GNÉ: Scríobh

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

- 1.25 Téacsanna ábhartha a chumadh (ríomhphoist, blaganna, cuntais, téacsanna cruthaitheacha agus téacsanna ilmhódacha) le tuiscint ar lucht a léite
- 1.26 Dréachtú, léamh siar agus athdhréachtú a dhéanamh
- 1.27 Teachtaireachtaí scríofa a roinnt, ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha
- 1.28 Tuairimí pearsanta a chur in iúl agus a mhíniú
- 1.29 Freagairt phearsanta do théacsanna

Snáithe 2: Feasacht teanga agus chultúrtha

Tugann an scoláire cruinnúsáid agus saibhreas teanga faoi deara. Tuigeann sé na difríochtaí suntasacha idir an Ghaeilge agus an Béarla chun míchruinneas a sheachaint sa labhairt agus sa scríobh. Déanann sé machnamh ar an gcaoi a n-oibríonn an teanga i dtreo is go sealbhóidh sé dul na teanga sa labhairt agus sa scríobh. Cuireann sé aithne mhaith ar bheochultúr na Gaeilge agus fásann meas ann ar an gcultúr sin agus ar phobal na Gaeilge agus spreagtar é leis an teanga a úsáid.

GNÉ: Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

- 2.1 Difríochtaí suntasacha ó thaobh gramadaí agus comhréire idir an Ghaeilge, Béarla agus teangacha eile a thabhairt faoi deara chun míchruinneas a sheachaint
- 2.2 Earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus na cúiseanna leo a thuiscint
- 2.3 Patrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail, srl., a aithint agus a úsáid
- 2.4 Litríú agus poncaíocht cheart a aithint agus a úsáid
- 2.5 Taifead a choinneáil ar dhúshláin phearsanta a bhaineann le cruinnúsáid na teanga trí bhlag foghlama pearsanta a chruthú

GNÉ: Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

- 2.6 Gnéithe de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach
- 2.7 Tionscnaimh/cur i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr na Gaeilge

GNÉ: Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

- 2.8 Cosúlachtaí agus difríochtaí idir phobail ilteangacha a fhiosrú
- 2.9 A aistear pearsanta féin i dtreo an ilteangachais a léiriú

Snáithe 3: Féinfheasacht an fhoghlaimeora

Díríonn an scoláire ar na tréithe aonair atá aige féin mar fhoghlaimeoir teanga. Tuigeann sé conas straitéisí foghlama atá oiriúnach dó féin a úsáid. Tuigeann sé an spreagadh pearsanta atá aige i leith fhoghlaim na teanga agus glacann sé úinéireacht phearsanta ar an teanga féin agus ar phróiseas sealbhaithe teanga.

GNÉ: Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaimeoir teanga

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

- 3.1 Stíl phearsanta foghlama a aithint agus straitéisí foghlama a fhorbairt sna scileanna ar fad chun cur leis an bhfoghlaim éifeachtach
- 3.2 Úsáid a bhaint as aiseolas mar fhoghlaimeoir chun aidhmeanna foghlama pearsanta a leagan amach

GNÉ: Ag forbairt na foghlama féinriair

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

- 3.3 Cinntí neamhspleácha faoin bhfoghlaim a dhéanamh
- 3.4 Féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn
- 3.5 Aiseolas a roinnt le comhscoláirí ar an bhfoghlaim phearsanta sna scileanna teanga agus foghlama
- 3.6 Acmhainní teanga a úsáid (foclóirí agus ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe, srl.)

GNÉ: Ag forbairt tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na teanga

Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

- 3.7 Tuisceant a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith fhoghlaim na teanga
- 3.8 Aidhmeanna foghlama pearsanta a úsáid

Scéim Oibre don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach

- **Snáithe 1:** Cumas cumarsáide
- **Snáithe 2:** Feasacht teanga agus chultúrtha
- **Snáithe 3:** Féinfheasacht an fhoghlaimeora

Aonad 1: Mise agus Mo Chuid Laethanta Saoire

Tréimhse ama: 5–6 seachtaine ag brath ar chúinsí an ranga

Dán/Amhrán: ‘An Mhaighdean Mhara’ – amhrán traidisiúnta

Gearrscéal: ‘Spás’ le Mícheál Ó Ruairc

Ábhar tacúil: www.logainm.ie; www.wikipedia.com; www.spotify.com

Snáithe 1: Cumas cumarsáide – cur chuige an leabhair ó thaobh teanga de

	GNÉ	GNÉ	GNÉ	GNÉ	GNÉ
Topaicí/ Bunchlocha	Éisteacht 1.1, 1.2, 1.3	Léamh 1.6, 1.7, 1.8, 1.9	Labhairt 1.10, 1.11, 1.12, 1.13, 1.14	Idirghníomhú cainte 1.4, 1.19, 1.20, 1.21, 1.22, 1.23, 1.24	Scríobh 1.10, 1.25, 1.26, 1.27, 1.28, 1.29
1. Mo chuid laethanta saoire	Ceisteanna cluastuisceana bunaithe ar na topaicí a mhúintear sna Bunchlocha:	Píosaí léamhthuisceana bunaithe ar na topaicí a mhúintear sna Bunchlocha:	‘Do Scéal Féin’ a réiteach sa Taifead Pearsanta.	Idirghníomhú faoi threoir le comhscolairí:	Scríobh faoi threoir ar ábhair atá bunaithe ar na topaicí a mhúintear sna Bunchlocha:
2. Cúrsaí taistil			Obair bheirte faoi threoir:	– ag caint/ag ceistiú a chéile faoi na topaicí	
3. An aimsir			Bunchlocha / Taifead Pearsanta.	– ag freagairt ceisteanna	– comhráite
4. Tuairimí faoin tsaoire	– comhráite	– ailt nuachtáin		‘fíor/bréagach’ le chéile	– agallaimh
5. Na daoine	– cainteoirí aonair.	– blaganna	Obair ghrúpa faoi threoir:	– ag déanamh cumarsáid ó bhéal ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha:	– ríomhphoist
6. An bia		– cuntas greannmhar		– cuir i láthair	– litreacha
7. An áit	Súil siar ar na Bunchlocha	– fógraí	– comhráite/ agallaimh/ rólímirt a chumadh faoi threoir – iad a thairgeadh agus a chur sa Phunann Taifeadtaí.	– suirbhéanna.	– blaganna
8. Saoire cois farraige	roimh gach mír chluastuisceana.	– ailt idirlín.			– cuntais
9. Campáil					– scrípteanna don rólímirt
10. Óstáin agus árasáin					– tionscnaimh agus scrípteanna do chuir i láthair.
11. An turas abhaile					
12. An bhliain seo chugainn					

Torthaí Foghlama	Tá Gaeilge Agam 3! – Tascanna Ranga
<p>GNÉ: Éisteacht 1.1, 1.2, 1.3, 1.5</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cluastuiscint – Laethanta saoire/Cúrsaí taistil (lch. 62) • Cluastuiscint – An aimsir (lch. 63) • Cluastuiscint – Saoire cois farraige: Campáil/Óstáin/Árasáin (lgh. 63–64) • Cluastuiscint – An bhliain seo chugainn (lgh. 64–65)
<p>GNÉ: Léamh 1.6, 1.7, 1.8, 1.9</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Alt nuachtáin – ‘Na cúig ionad saoire is fearr le hÉireannaigh’ (lch. 44) • Blag – An trá abú! (lch. 46) • Ríomhphost – Fadhbanna san ionad campála (lch. 48) • Cuntas greannmhar – ‘Saoire chraiceáilte!’ (lgh. 50–51) • Fógra – Óstán Chois Fharraige (lgh. 53–54) • Blag – Chun na Fraince linn! (lgh. 56–57) • Alt irise – An deireadh seachtaine i mBaile Átha Cliath (lgh. 58–60)
<p>GNÉ: Labhairt 1.11, 1.12, 1.13, 1.14, 1.15, 1.16, 1.17, 1.18</p> <p>GNÉ: Idirghníomhú cainte 1.4, 1.19, 1.20, 1.21, 1.22, 1.23, 1.24</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Mo Scéal Féin – Taifead Pearsanta (lgh. 2–9) • Obair bheirte – Laethanta saoire (lch. 43) • Comhrá WhatsApp – Saoire sa Spáinn (scríobh/taifead) (lch. 45) • Comhrá/Agallamh – le ‘Deirdre’ (scríobh/taifead) (lch. 47) • Comhrá WhatsApp – Saoire champála (scríobh/taifead) (lch. 49) • Rólimirt/Obair bheirte – Máire agus an bainisteoir (lch. 49) • Obair bheirte – ‘Saoire chraiceáilte’ (lch. 52) • Agallamh – Saoire uafásach (taifead) (lch. 52) • Cur i láthair/Taighde – ar óstán (lgh. 54–55) • Comhrá – Campáil in Éirinn/Árasán thar lear (scríobh/taifead) (lch. 55) • Tionscnamh/Cur i láthair – ‘Laethanta saoire’ (lch. 56) • Blag/Óráid díospóireachta – <ul style="list-style-type: none"> (i) ‘Ní fiú do chuid laethanta saoire a chaitheamh in Éirinn’ (ii) ‘Laethanta saoire – cur amú airgid agus ama is ea iad!’ (iii) ‘Bíodh an diabhal ag an gcampáil! Compord atá uaimse!’ (lch. 61) • Rólimirt/Obair bheirte – Ag bualadh le duine áitiúil sa Spáinn (lch. 61)

GNÉ: Scríobh

1.10, 1.25, 1.26, 1.27,
1.28, 1.29

- **Blag** – Mo chuid laethanta saoire anuraidh (lch. 43)
- **Ríomhphost** – Laethanta saoire cois farraige (lch. 47)
- **Blag** – Laethanta saoire cois farraige (lch. 48)
- **Ríomhphost** – Gearán a dhéanamh le hionad campála (lch. 49)
- **Blag** – Saoire champála (lch. 49)
- **Scéal** – ‘Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an tsaoire sin’ (lch. 52)
- **Cuntas** – Saoire iontach/Saoire uafásach (lch. 52)
- **Ríomhphost/Litir** – Buíochas a ghabháil le biúró taistil (lch. 52)
- **Ríomhphost/Litir** – ó Óstán Chois Fharraige chuig cara (lch. 54)
- **Scéal** – ‘I mo chodladh i mo sheomra óstáin a bhí mé...’ (lch. 54)
- **Blag** – Óstán craiceáilte ar thug me cuairt air (lch. 54)
- **Ríomhphost** – Deireadh seachtaine in óstán (lch. 55)
- **Blag** – Mo chuid laethanta saoire an bhliain seo chugainn (lch. 57)
- **Ríomhphost** – An deireadh seachtaine i mBaile Atha Cliath (lch. 60)
- **Scéal** – ‘Bhí an turas scoile iontach go dtí gur chaill mé an chuid eile den rang’ (lch. 60)
- **Blag** – ‘An tsaoire is measa dá raibh agam riamh’ (lch. 60)
- **Scéal** – ‘I mo luí ar an trá a bhí mé...’ (lch. 60)
- **Blag/Óráid díospóireachta** – (Féach ‘Labhairt/Idirghníomhú Cainte’ thuas.)
- **Comhráite/Agallaimh** – (Féach ‘Labhairt/Idirghníomhú Cainte’ thuas.)

Snáithe 2: Feasacht teanga agus chultúrtha

GNÉ	GNÉ	GNÉ
<p>Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras</p> <p>Torthaí foghlama: 2.1, 2.2, 2.3, 2.4</p>	<p>Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga</p> <p>Torthaí foghlama: 1.10, 2.6, 2.7</p>	<p>Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais</p> <p>Torthaí foghlama: 2.8, 2.9</p>
<p>Gramadach fheidhmiúil – Teanga an taistil:</p> <p>Na briathra (lch. 66)</p> <p>Imigh; Fág; Sroich; Taistil; Éirigh; Pacáil; Caith; Bailigh; Ceannaigh; Tóg; Imir; Tosaigh.</p> <p>(i) Cleachtadh leis na réimnithe (ii) Cleachtadh leis na h-aimsirí</p> <p>Briathra neamhrialta san Aimsir Chaite san aonad seo: (lch. 67)</p> <p>Chuaigh (téigh) Tháinig (tar) Fuair (faigh) Bhí (bí) Thug (tabhair) Chonaic (feic) D’ith (ith) Rinne (déan) Dúirt (abair) Rug (beir) Chuala (clois)</p> <p>Briathra neamhrialta san Aimsir Fháistineach san aonad seo: (lch. 67)</p> <p>Imeoidh (imigh) Taistealóidh (taistil) Éireoidh (éirigh) Pacálfaidh (pacáil) Fágfaidh (fág) Sroichfidh (sroich) Caithfidh (caith) Tógfaidh (tóg) Ceannóidh (ceannaigh) Imreoidh (imir)</p> <p>Na forainmneacha réamhfhoclacha – súil siar agus cleachtaí: (lgh. 68–69)</p> <p>ó; do; ag; le; ar; faoi; as; de; chuig; roimh</p>	<p>Cultúr: An Ghaeilge timpeall ort: Logainmneacha (lch. 70)</p> <p>Teanga na logainmneacha:</p> <p>Áth; Béal; Baile; Cill; Carraig, srl.</p> <p>Obair bheirte/Obair ar líne</p> <p>– Na focail thuas a aithint i logainmneacha ar léarscáil – Brí iomlán na logainmneacha a lorg ar Wikipedia.</p> <p>Taighde/Cur i láthair:</p> <p>– Cur i láthair faoi threoir bunaithe ar thaighde: ‘Logainmneacha i mo cheantar’ (Féach: Lámh chúnta: lch. 71)</p> <p>Amhrán traidisiúnta: ‘An Mhaighdean Mara’ (lch. 72)</p> <p>– Scéal an amhráin – Liricí/Ceisteanna tuisceana – Léirmheas sciobtha – Obair bheirte – Cíoradh liteartha – Do bhreith ar an amhrán – Obair ar líne</p> <p>Gearrscéal: ‘Spás’ (lch. 254)</p> <p>Eochairfhocail: Grá; Laethanta Saoire; Saoirse; Fadhbanna an déagóra:</p> <p>– Achoimre/Obair bheirte – Téacs/Ceisteanna tuisceana – Cíoradh liteartha – Léirmheas sciobtha – Do bhreith deiridh ar an scéal</p>	<p>Tionchar na Gaeilge ar an mBéarla sa cheantar a aithint</p> <p>An méid Gaeilge atá le feiceáil agus le cloisteáil i mBéarla an cheantair a chur in iúl do na daltaí.</p> <p>(Féach ‘Logainmneacha’)</p> <p>Aistriúchán: Abairtí Béarla a aistriú go Gaeilge bunaithe ar na pointí gramadaí a clúdaíodh in Cúinne na Gramadaí.</p> <p>Na difríochtaí idir an Ghaeilge agus an Béarla a thabhairt faoi deara.</p> <p>Tionchar na Gaeilge ar ghramadach Bhéarla na hÉireann: Nósanna cainte Bhéarla na hÉireann a úsáid chun Aimsir Ghnáthláithreach na Gaeilge a mhíniú: Bím – ‘I do be’ Bíonn Mam – ‘Mam does be’</p>

Snáithe 3: Féinfheasacht an fhoghlaimeora

GNÉ	GNÉ	GNÉ
<p>Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaimeoir teanga Torthaí foghlama: 3.1, 3.2, 3.4</p>	<p>Ag forbairt na foghlama féinriair Torthaí foghlama: 2.5, 3.3, 3.4, 3.5, 3.6</p>	<p>Ag cothú tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na teanga Torthaí foghlama: 3.7, 3.8</p>
<p>Aonad 1 – Punann:</p> <p>Féinmheasúnú an Dalta (lgh. 151–153):</p> <p>Scrúdóidh na daltaí a gcuid foghlama féin maidir leis an aonad Mise agus Mo Chuid Laethanta Saoire d'fhonn stíl phearsanta foghlama a aithint agus a fhorbairt. Beidh páirt lárnach ag aiseolas ón múinteoir sa phróiseas seo. Treorófar na daltaí chuig na leathanaigh chuí le haghaidh súil siar. Ar an mbealach seo beidh siad in ann a gcuid aidhmeanna pearsanta foghlama féin a leagan amach.</p> <p>Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí (lch. 152):</p> <p>Déanfaidh na daltaí machnamh ar na scileanna eile a d'fhorbair siad san aonad Mise agus Mo Chuid Laethanta Saoire – mar atá:</p> <ul style="list-style-type: none"> – A bheith cruthaitheach – A bheith liteartha – A bheith uimheartha – Cumarsáid – Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú – Mé féin a bhainistiú – Fanacht folláin: a bheith dearfach faoin bhfoghlaim – Obair le daoine eile 	<p>Aonad 1 – Punann:</p> <p>Focail agus Frásaí Nua (lch. 150):</p> <p>Coinneoidh na daltaí taifead sa Phunann ar na focail/frásaí nua a chostar orthu le linn na foghlama. Tugtar suntas ar leith d'achmhainní teanga ar nós ríomhfhoclóirí sa téacsleabhar.</p> <p>'Mo Bhlag Foghlama' (lch. 152):</p> <p>Déanfaidh na daltaí machnamh faoi threoir ar an dul chun cinn atá déanta acu san aonad seo agus faoin gcaoi ar thaitin próiseas na foghlama leo. Déanfaidh siad cinntí neamhspleácha faoin bhfoghlaim bunaithe ar an machnamh sin.</p> <p>Acmhainní teanga (3.6):</p> <p>De bhreis ar Chúinne na Gramadaí, bainfidh na daltaí úsáid as An Craischúrsa Gramadaí mar achmhainn bhreise teanga ar líne.</p>	<p>Aonad 1 – Punann:</p> <p>'Mo Loga Foghlama Féin' (lch. 154):</p> <p>Léireoidh na daltaí a dtuiscint ar spreagadh pearsanta i leith fhoghlaim na teanga sna logaí pearsanta foghlama a scríobhfaidh siad faoi threoir ag deireadh gach aonaid.</p> <p>Aidhmeanna pearsanta foghlama (3.2, 3.8):</p> <p>Trí scríobh na logaí foghlama (faoi threoir), foghlaim na daltaí conas aidhmeanna pearsanta foghlama a cheapadh agus a bhaint amach.</p> <p>Mar shampla:</p> <p>Tá gá le tuilleadh oibre... ar an léamh <input type="checkbox"/> ar an scríobh <input type="checkbox"/> ar an éisteacht <input type="checkbox"/> ar an labhairt <input type="checkbox"/> ar an ngramadach <input type="checkbox"/> ...san aonad seo.</p> <p>(Punann: Féinmheasúnú agus Logaí Foghlama – lch. 153)</p>